

INIÚCHTA

RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL

Comhairle Chontae na Gaillimhe

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014

CLÁR ÁBHAR INIÚCHTA

	Lth
Athbhreithniú Airgeadais	3
Teastas Bainisteora/Ceann Airgeadais	6
Tuairim Iniúchta	7
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	8
Cuntais Airgeadais	13
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim & Caiteachais)	14
Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)	15
Ráiteas ar Shreabhadh Cistí (Ráiteas ar Shreabhadh Cistí)	16
Nótaí faoi agus mar chuid de na Cuntais	17-27
Aguisíní	28
1 Anailís ar Chaiteachas	29
2 Caiteachas agus Ioncam de réir Rannáin	30-33
3 Anailís ar Ioncam ó Dheontais agus Fóirdheontais	34
4 Anailís ar Ioncam ó Earraí agus Seirbhísí	35
5 Achoimre ar Chaiteachas agus Ioncam Caipitiúil	36
6 Caiteachas Caipitil agus Ioncam de réir Rannáin	37
7 Ollbhailiúcháin Ioncaim	38
8 Leas na nÚdarás Áitiúil i gCuideachtaí	39

Galway County Council

Athbhreithniú Airgeadais

Ráiteas Airgeadais Bliantúil don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31

Is cúis áthais dom an Ráiteas Airgeadais Bliantúil (AFS) do Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2014 a chur in iúl. Ullmháíodh an AFS de réir Chód Cleachtas Cuntasaióchta na nÚdarás Áitiúil agus áirítear ann Cuntas ar Ioncam Cuimsitheach (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais roimhe seo) agus Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe roimhe seo) a thugann mionsonraí faoi shócmhainní agus dliteanais na Comhairle amhail an 31ú Nollaig 2014. Tá nótaí agus aguisíní leis freisin a thugann eolas breise faoi na príomhfhigiúirí sna cuntais.

Na príomhathruithe ar AFS 2014

Ag eascairt as beartas cuntasaióchta 18, aistríodh Sócmhainní Seasta lenar bhain glan-luach leabhair €285M a bhain leis an infreastruchtúr uisce agus dramhaíola chuig Uisce Éireann de réir Ordú 2015 um an Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 (Lá Dilsithe Maoine) (Ionstraim Reachtúil Uimh. 13 de 2015). Aistríodh na sócmhainní sin chuig Uisce Éireann i gcuntais 2014 de bharr go raibh siad faoi rialú agus faoi bhainistiú Uisce Éireann ón 01 Eanáir 2014. Ghlac Uisce Éireann leis na féichiúnaithe do mhuirir uisce neamhtheaghlaigh amhail an 01 Eanáir 2014 ar an tslí chéanna ar an dáta sin mar chomaoin don luach airgid thirim glan ó sholáthar €1.6M in aghaidh drochfhiach. €53.7m an glan luach iasachtaí a bhain le sócmhainní agus seirbhísí a aistríodh chuig Uisce Éireann amhail an 01 Eanáir 2014 agus tá na haisiocaíochtaí a rinneadh ar na hiasachtaí sin i rith 2014 forchúitithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Deir beartas cuntasaióchta 19 go gcuirtear an AFS do 2014 i láthair mar shraith cuntas comhdhlúite do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus d'iar Chomhairle Baile Bhéal Átha na Sluaighe, do Chomhairle Baile Bhaile Locha Riach agus do Chomhairle Baile Thuama don bhliain iomlán 2014.

An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Tugann an cuntas ioncaim agus caiteachais achoimre ar ghníomhaíochtaí na Comhairle de réir Rannáin don bhliain dar críoch an 31ú Nollaig 2014. Bliain dheacair a bhí in 2014 arís don Chomhairle ach táim sásta a thuairisciú, ainneoin na ndeacrachtaí sin, gur barrachas beag €7K an toradh a bhí ann don bhliain mar atá leagtha amach ar leathanach 14. Feabhas mór ar na blianta roimhe seo an toradh sin. Tá mionsonraí faoi na móréagsúlachtaí buiséid de réir Rannáin leagtha amach i Nóta 17 de na cuntais.

Tithíocht & Tógáil - sa Seirbhís A05, Deontas do Dhaoine gan Dídean, a eascraíonn na príomhéagsúlachtaí sa rannán seo áit a raibh gníomhaíocht faoi bhuiséad ach mar gheall go mbíonn sí 90% maoinithe bhí an buiséad meaitseála faoi bhuiséad freisin. Chomh maith leis sin rinneadh coigilteas i Seirbhís A08, lasachtaí Tithíochta, i gcoinne buiséad ar mhuirir úis áit a bhí ardú ar rátaí úis tuartha sa buiséid. Bhí an t-ioncam meaitseála faoi bhuiséad freisin. I gcíosanna Tithíochta a bhí an phríomhéagsúlacht ar thaobh an ioncaim, bhí siad €200K faoi bhuiséad agus sin an t-údar is mó leis an éagsúlacht diúltach €184K sa rannán seo.

Bóithre, Iompar & Sábháilteacht – Is mar gheall ar thuilleadh maoinithe á chureadh ar fáil ag an Roinn do Sheirbhís B03 Bóithre Réigiúnacha agus do Sheirbhís B04 Bóithre Áitiúla de bharr na stoirmeacha go luath in 2014 a eascraíonn an phríomhéagsúlacht sa rannán seo. Bhí caiteachas agus ioncam os cionn an buiséid sa dá sheirbhís mar thoradh air sin. Maidir le Seirbhís B04 Bóithre Áitiúla rinneadh coigilteas €135K agus maidir le Seirbhís B05 Soilse Poiblí rinneadh coigilteas €185K de bharr costais fuinnimh níos ísle ná mar a bhí sa buiséad. Maidir le Seirbhís B06 Bainistiú Tráchta rinneadh coigilteas €100K de bharr nár íocadh maoiniú deontais a rabhtas ag súil leis. I Seirbhís B09 Oibriú Carrchlóis rinneadh coigilteas €160K i gcostais oibriúcháin agus cothabhála. I Seirbhís B10 Tacaíocht don Chlár Caipitil rinneadh €130K mar gheall ar bhaill foirne a ath-íomnú / gan iad a athsholáthar. Is é an coigilteas sin is cúis leis an gcuid is mó den éagsúlacht dearfach €732K sa rannán seo.

Seirbhísí Uisce - Is mar gheall gur ullmhaíodh an buiséad do 2014 ar an mbonn céanna leis na blianta roimhe seo a d'eascair na príomhéagsúlachtaí sa rannán seo. I rith na bliana, áfach, aistríodh an chuid is mó den chaiteachas neamh-phárolla chuig córais soláthair Uisce Éireann agus bhí éagsúlacht mhór ar an gcaiteachas mar thoradh air sin. De bharr gur bhain an t-ioncam forchúitithe ó Uisce Éireann leis an airgead a caitheadh i ndáiríre tá éagsúlacht chomhfhreagrach ar thaobh an ioncaim. Tríd is tríd, tá éagsúlacht dhearfach €15K sa rannán seomar thoradh ar choigilteas párolla in oibriú grúpscéimeanna uisce.

Bainistiú Forbartha - Is i Seirbhís D05 Turasoireacht a eascraíonn na héagsúlachtaí is mó sa rannán seo áit a raibh caiteachas breise i ndáil le Slí an Atlantaigh Fhiáin chomh maith le hoibreacha a bhain leis na stoirmeacha go luath in 2014 agus i Fo-Sheirbhís D0906 Oifig Fiontair Áitiúil a tugadh isteach sa Chomhairle i Ráithe 2 2014. Bhí maoiniú 100% ag an gcaiteachas sin, áfach, mar sin tá éagsúlacht chomhfhreagrach ar thaobh an ioncaim. Tríd is tríd tá éagsúlacht dhiúltach €231K sa rannán seo a eascraíonn den chuid is mó as costais foirne a ath-leithroinnt chuig Rannócaíochtaí Forbartha a bhailiú agus chuig Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe, chomh maith le hioncam a bhí níos lú ná mar a bhí sa bhuiséad ó tháillí iarratais pleanála.

Seirbhísí Comhshaoil - Tríd is tríd tá éagsúlacht dhearfach €584K sa rannán seo. Na príomh-údair leis sin ná coigilteas €60K i Seirbhís E02 Saoráidí Athchúrsála mar gheall nach ndeachthas ar aghaidh leis an suíomh i gCasla in 2014, coigilteas €110K i Seirbhís E07 Rialacháin Dramhaíola mar gheall ar chostais foirne a ath-leithroinnt, coigilteas €280K i Seirbhís E11 An tSeirbhís Dóiteáin a Fheidhmiú mar gheall ar chostas níos lú ná mar a bhí sa bhuiséad dár seirbhís choinnithe agus coigilteas i Seirbhís E13 Caihdeán Uisce áit ar fhorchúitíodh roinnt de na costais phárolla ó Uisce Éireann.

Áineas & Taitneamhacht - Tríd is tríd tá éagsúlacht dhearfach €13K sa Rannán seo. Is i Seirbhís F02 Leabharlann a Fheidhmiú a eascraíonn na príomhéagsúlachtaí áit nach bhfuarthas deontas a bhí sa bhuiséad le haghaidh leabhar scoile. Bhí caiteachas agus ioncam €100K faoi bhuiséad dá bharr sin. I Seirbhís F06, áit a ndéantar na scéimeanna CES a thaifeadadh, bhí caiteachas agus ioncam €115k faoi bhuiséad.

Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas - Baineann na príomhéagsúlachtaí sa rannán seo le costais Sheirbhís G01. Draenáil Talún áit a raibh caiteachas agus ioncam faoi bhuiséad mar gheall de chuid is mó gur tugadh oibreacha chun críche sna blianta roimhe. Dá bharr sin bhí éagsúlacht dhiúltach €90K, chomh maith le héagsúlacht dhiúltach €50k ar fhorchúiteamh táillí a bhaineann le Rialú Capall Seirbhís G04 Seirbhísí Tréidliachta.

Chomh maith leis sin, chuir an roinn €1.6M breise ar fáil le haghaidh oibreacha a bhain leis na stoirmeacha in 2014 i Seirbhís G02 Céanna a Fheidhmiú agus a Chothabháil. Bhí caiteachas agus ioncam os cionn an bhuiséid dá bharr sin. I Seirbhís G05 Deontais HEG bhí caiteachas agus ioncam €2.2M faoi bhun an bhuiséid.

Seirbhísí Ilghnéitheacha - Tá éagsúlacht dhiúltach €3.7M ar thaobh an chaiteachais mar gheall go ndeachaigh costas rátaí do-aisghabhála Sheirbhís H03 €4.0M thar an mbuiséad. Rinneadh sin a fhritháireamh i bpáirt ag coigilteas €0.3M i Seirbhís H10 Mótarcháin mar gheall ar ath-ímlonnú bhail foirne a dhéileáil le ceadúnais tiomána roimhe sin. Tá éagsúlacht dhearfach €3.1M ar thaobh an ioncaim mar gheall ar ioncam NPPR a bheith €2.5M os cionn an bhuiséid agus ar aistriú €0.6M ó Chaipiteal a bhfuil mar thoradh air éagsúlacht dhiúltach foriomlán €0.6M ar an rannán seo.

An Cuntas Caipitil

Tugtar mionsonraí faoi chaiteachas Caipitil in Aguisíní 5 & 6. Ba cheart a thabhairt ar aird go bhfuil athrú mór ar chur i láthair an Chuntais Chaipitil in 2014 mar gheall gur aistríodh feidhm na Seirbhíse Uisce chuig Uisce Éireann agus mar gheall ar an ngá le hioncam a iarchur maidir le tionscadail ar thug iar Chomhairlí Baile gealltanais ina leith. €42.7M an tOllchaiteachas in 2014.

Tithíocht - Is léiriú é an ghníomhaíocht anseo ar aonaid tithíochta a thógáil agus a cheannach. Áirítear ar na móroibreacha in 2014 oibreacha faoin scéim éifeachtúlachta agus feabhsúcháin tithe, folmha €1.9M, stoc tithíochta a cheannach €3M agus deontais cúnaimh tithíochta a sholáthar €1.3M. €6.6M an tOllchaiteachas do 2014. Léiríonn ioncam aisíocaíocht ar chaiteachas agus fáiltais díolacháin tithe faoin scéim Ceannaigh Tionóntaí.

Bóithre – Is ar na mórbhealaí idir-uirbeacha a bhí an príomhchaiteachas sa rannán seo – €22.5M – agus an NRA a mhaoinigh é.

Uisce - Baineann an príomhchaiteachas faoin gceannnteideal seo leis na muirir lasachtaí a bhaineann le thionscadail infreastruchtúr uisce. Tá €3.1M de sin faighte ar ón Roinn. Tá €1M maidir le hoibreacha ar Uisce. Fuíolluisce faighte ar ais ó Uisce Éireann agus tá €1.7M maidir le Grúpscéimeanna uisce faighte ar ais ón Roinn. €5.8M an tOllchaiteachas do 2014.

Bainistiú Forbartha – Baineann an phríomhghníomhaíocht a léirítear sa rannán seo leis an ioncam a fuarthas faoin scéim rannócaíochta forbartha. In 2014, chuaigh cúpla iarratas pleanála, suntasach ar bhain síneadh ama leo, in éag. Mar thoradh air sin laghdaíomar an t-ioncam agus an ghné fhadtéarmach chomhfhreagrach. Ina theannta sin, tá soláthar déanta againn don ioncam a bailíodh faoi na ceanteidil

Uisce agus Fuíolluisce mar ioncam atá dlite le hUisce Éireann.

Seirbhísí Comhshaoil – Baineann an phríomhghníomhaíocht sa rannán seo le hoibriú an iar-láithreáin chomh maith le Líonta Talún Greenstar atá an Chomhairle a oibriú anois thar ceann an EPA, chomh maith le hoibriú líonadh talún Poolboy €1.7M.

Áineas & Taitneamhacht - Baineann an caiteachas sa rannán seo go príomha leis an Leabharlann nua i mBéal Átha na Sluaighe a thógáil, €0.9M, chomh maith le costais a bhain leis an tionscadal Greenway €0.2M, agus le tionscadail áineasa agus taitneamhachta eile €0.7M.

Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas - Baineann caiteachas sa rannán seo leis na réamhchostais maidir le hoibreacha faoisimh tuilte Dhún Coillín.

Ighnéitheach - Baineann an príomhchaiteachas sa rannán seo leis an Láithreán Aerfoirt a cheannach; €1.3M, le hAiscí a íoc le hiar-Chomhairleoirí; €0.4M, agus le costais na dtoghchán áitiúil a reáchtáil; €0.2M.

Teastas Bainisteora/Ceann Airgeadais don bhliain dar críoch

31 Nollaig 2014

- 1.1 Táimidne, an Príomhfheidhmeannach agus an Ceann Airgeadais freagrach as ráiteas airgeadais bliantúil a ullmhú de réir an Chóid Chleachtais Chuntasaíochta arna eisiúint ag an Aire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001
- 1.2 Táimid freagrach as taifid chuntais chúil a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach staid airgeadais an údaráis áitiúil agus a chuireann ar ár gcumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ullmhaithe ag cloí leis na ceanglais reachtúla.
- 1.3 Táimid freagrach as sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
- 1.4 Le linn dúinn ráitis airgeadais a ullmhú:
 - tá ráite againn gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Chóid Chleachtais Chuntasaíochta agus gur cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm go comhleanúnach; agus,
 - tá breithiúnais agus meastacháin déanta againn atá réasúnach agus stuama;
- 1.5 Deimhnimid go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014, mar a leagtar amach iad ar leathanaigh 8 go 27, ag teacht leis na leabhair chuntasaíochta agus gur ullmhaíodh iad de réir na gceanglas cuntasaíochta mar a threoraigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Príomhfheidhmeannach (Eatramhach)

Ceann Airgeadais

Dáta

Dáta

Galway County Council

Audit Opinion to be prepared separately and inserted

RÁITEAS FAOI BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Ginearálta

Ullmhaíodh na cuntais de réir an Chóid Chleachtas Chuntasaíochta ACoP ar chuntasaíocht údaráis áitiúil, mar atá athbhreithnithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) ar an 31ú Nollaig 2014. Ní mór neamh-chomhlíonadh beartas cuntasaíochta mar atá leagtha amach in ACoP a lua sna Beartais agus sna Nótaí do na Cuntais.

2. Ráiteas ar Shreabhadh Cistí

Tugadh ráiteas ar Shreabhadh Cistí isteach mar chuid de AFS 2011. Cé gur leanadh treoir Chaighdeán 7 de chuid Cuntasaíocht Idirnáisiúnta maidir le Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, tá gnó na n-údarás áitiúil an-éagsúil le gnó fhorhóir na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus, dá bhrí sin, aontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid lena chinntiú go mbeidh na sonraí atá ar taispeáint fóinteach agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil. Ar an gcúis sin, tagraítear don ráiteas mar 'Ráiteas ar Shreabhadh Cistí'. Áirítear ar na cuntais airgeadais anois ráiteas ar shreabhadh cistí a léirítear tar éis an Ráiteas ar Staid Airgeadais (an Clár Comhardaithe). Baineann Nótaí 18 - 23 leis an ráiteas ar shreabhadh cistí a léirítear sa rannán de AFS maidir le Nótaí faoi agus mar chuid de na Cuntais. Mionsonraítear i Nóta 20 iarmhéideanna Tionscnaimh/Neamhthionscnaimh/Inacmhainne/Deonach, rudaí a fhéadann a bheith ina n-iarmhéid dochair nó sochair. Glactar leis sa sreabhadh cistí gur iarmhéideanna dochair iad seo agus tá an tuairisc (Méadú)/Laghdú bunaithe air sin.

3. Fabhruithe

Ullmhaíodh na cuntais airgid agus caipitil ar bhonn fabhráithe de réir an Chóid Cleachtas. Níl Fíneálacha Páirceála ná Muirir Dhóiteáin san áireamh agus déantar iad sin a chuntasú ar bhonn airgid tirim.

4. Muirir Úis

Is féidir iasachtaí atá le híoc a chur in dhá chatagóir ar leith:

- Iasachtaí lena mbaineann morgáiste
- Iasachtaí nach mbaineann morgáiste leo

4.1 Iasachtaí lena mbaineann Morgáiste

Tá sruth ioncaim comhfhreagrach ag iasachtaí lena mbaineann morgáiste ó réamhíocaíochtaí fadtréimhseacha (.i. airgead tugtha ar iasacht ag an údarás áitiúil d'iasachtaithe), d'fhonn tithe a cheannach. Is é an chuid a bhaineann le hús amháin a ghearrtar nó a chuirtear leis an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais).

4.2 Iasachtaí nach mbaineann Morgáiste leo

Leagann Nóta 8 leis na cuntais amach na cineálacha iasachta faoin gceannteideal sin. Ní bheidh sruth ioncaim comhfhreagrach ag iasachtaí a bhaineann le sócmhainní/deontais, maoiniú ioncaim, údarás idir-áitiúil. Beidh maoiniú idirlinne mar chuid de mhaoiniú buan de réir a chéile. Beidh luach comhfhreagrach ag iasachtaí maidir leis na ceannteidil eile i Nóta 3.

5. Pinsin

Gearrtar íocaíochtaí i ndáil le pinsin agus aiscí ar an gcuntas ioncaim sa tréimhse cuntasáochta ina ndéantar na híocaíochtaí. Áiríonn costas tuarastail agus pá sna cuntais asbhaintí i ndáil le buntáistí aoisliúntais (Baintreacha agus Dílleachtaí san áireamh). Cuirtear a leithéid d'asbhaintí chuig an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais mar admhálacha.

Tá ceanglais na gcaighdeán cuntasáochta reatha a bhaineann le pinsin agus lena gcur i bhfeidhm i gcuntasáocht údaráis áitiúil fós faoi bhreithniú.

6. Gníomhaireacht agus Seirbhísí Eile

Déantar Caiteachas ar sheirbhísí a chuirtear ar fáil nó a dhéantar ar son údarás áitiúil eile a aisghabháil ar chostas nó de réir socruithe ar leith.

7. Árachas

Ní fheidhmíonn an Chomhairle Chontae barrachas árachais.

8. Foráil do Dhrochfhiacha & Fiacha Amhrasacha

Rinneadh foráil sna cuntais chuí do dhrochfhiacha & fiacha amhrasacha.

9. Sócmhainní Seasta

9.1 Sócmhainní a Rangú

Cuirtear sócmhainní seasta i gcatagóirí mar a leagtar amach sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe). I nóta 1 mar chuid de na cuntais, tugtar miondealú breise orthu de réir an chineáil sócmhainne.

9.2 Aitheantas

Déantar gach caiteachas ar cheannach nó tógáil sócmhainní seasta a chaipitiliú ar bhonn fabhrúithe.

9.3 Tomhas

Áiríodh Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) de shócmhainní uile an údaráis áitiúil don chéad uair sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain 2003. Rinneadh na sócmhainní a luacháil bunaithe ar an 'Treoirlíne Luachála' arna heisiúint ag an DECLG. Áiríodh na sócmhainní uile a ceannaíodh nó a tógadh ón 1/1/2004 ag an gcostas stairiúil. Tá beartais chuntasáochta a bhaineann le léasanna á bhforbairt faoi láthair agus léireofar iad i ráitis airgeadais amach anseo

9.4 Athluacháil

Faoi mar atá leagtha amach in athbhreithniú ar an gCód Cleachtais Chuntasáíochta, tá sé de bheartas sócmhainní seasta a thaispeáint ag costas. Ní áirítear costais chothabhála agus feabhsaithe a bhaineann le sócmhainní Bonneagair ar na sócmhainní seasta faoi láthair, ach athbhreithneofar iad amach anseo. Mar gheall ar a staid fhisiceach, baineann formhór mór na sócmhainní go leithleach le húdaráis áitiúla agus níl siad faoi réir diúscartha. Tugtar cuntas ag tráth na diúscartha ar aon chaillteanas nó gnóthachan a bhaineann le glanluach inréadaithe na sócmhainní ginearálta eile atá faoi réir diúscartha.

9.5 Diúscairtí

I ndáil le sócmhainní indiúscartha, cuirtear ioncam le cúlchiste ar leith agus go ginearálta úsáidtear é le sócmhainní nua a cheannach. Beidh fáiltas as díol tithe údaráis áitiúil le cur i bhfeidhm faoi mar a threoróidh an DECLG.

9.6 Dímheas

Faoin modh cuntasáíochta reatha déantar an muirear dímheasa a fhritháireamh ag amúchadh ar fhoinsé maoinithe na sócmhainne. Tá tionchar neodrach aige seo ar Ioncam & Caiteachas agus dá bhrí sin tá an muirear dímheasa agus an creidmheas comhfhreagrach ó amúchadh as an áireamh ón Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais).

Seo a leanas na beartais a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní a bhíonn faoi réir ag dímheas:

Asset Type	Bases	Depreciation Rate
Plant & Machinery		
- Long life	S/L	10%
- Short life	S/L	20%
Equipment	S/L	20%
Furniture	S/L	20%
Heritage Assets		Nil
Library Books		Nil
Playgrounds	S/L	20%
Parks	S/L	2%
Landfill sites (*See note)		
Water Assets		
- Water schemes	S/L	Asset life over 70 years
- Drainage schemes	S/L	Asset life over 50 years

Ní ghearrann an Chomhairle dímheas ar bith i mbliain na diúscartha agus gearrfaidh siad bliain iomlán dímheasa sa bhliain ina gceannaítear iad.

*Áiríodh luach na suíomh líonta talún i nóta 1 faoi thalamh. Is ionann an dímheas agus ídiú na sócmhainne líonta talún.

10. Deontais Rialtais

Coinnítear cuntas ar dheontais rialtais ar bhonn fabhruithe. Déantar deontais a fhaightear chun oibríochtaí laethúla a chlúdach a chur chun sochar an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Léirítear deontais a fhaightear, a bhaineann le tógáil sócmhainní, mar chuid den ioncam a bhaineann le hobair atá ar siúl. Nuair a thugtar an tionscnamh chun críche aistrítear an t-ioncam chuig cuntas caipitilithe.

11. Féichiúnaithe Forbartha & a nIoncam

Tá gach féichiúnaí forbartha san áireamh anois faoi nótaí 3 & 5. Déantar ioncam ó ranníocaíochtaí forbartha nach bhfuil dlí le hóc laistigh den bhliain reatha a iarchur agus léirítear faoi chreidiúnaithe fadtéarmacha sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) é.

Léirítear féichiúnaithe ranníocaíochta forbartha gearrhéarmacha a bhaineann le huisce (lúide foráil do dhrochfhiacha) amhail an 31 Nollaig 2014 le creidiúnaí coibhéiseach san AFS d'fhonn aistriú na seirbhísí uisce agus dramhuisce chuig Uisce Éireann a léiriú. Léirítear airgead tirim a bailíodh in 2014 ach nár íocadh le hUisce Éireann in 2014 i gcreidiúnaithe freisin.

12. Fuascailt Fiach

Cuirtear na fáil ó luathfhuascailt iasachtaí ó iasachtaithe i bhfeidhm ar luathfhuascailt iasachtaí a bhaineann le morgáistí ón nGníomhaireacht um Airgeadais Tithíochta agus Oifig na nOibreacha Poiblí.

13. Scéimeanna Léasa

Muirearaítear íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibríochta chuig an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (an Ráiteas Ioncaim & Caiteachais). Áirítear sócmhainní a ceannaíodh faoi léas airgeadais sna sócmhainní seasta. Taispeántar an méid dlí ar iarmhéideanna neamhíochta faoi dhliteanais reatha agus creidiúnaithe fadtréimhseacha.

14. Stoc

Déantar stoic a luacháil ar bhonn méanchostais.

15. Obair atá ar siúl & Réamhchaiteachas

Is costas stairiúil carntha ar thionscadail éagsúla a bhaineann le caipitil atá san obair atá ar siúl agus sa réamhchaiteachas. Taispeántar an t-ioncam fabhruithe i leith na dtionscadal seo sa Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe) mar 'Ioncam maidir le hobair atá ar siúl'.

16. Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe

16.1 Féichiúnaithe

Ag deireadh na bliana airgeadais, is ionann féichiúnaithe agus ioncam dlíte nach bhfuil faighte go fóill.

16.2 Creidiúnaithe

Ag deireadh na bliana airgeadais, is ionann creidiúnaithe agus íocaíochtaí dlíte maidir le hearraí faighte agus seirbhísí a cuireadh ar fáil, ach nach bhfuil íocaíocht faighte ina dtaobh go fóill.

17. Leas i gCuideachtaí Údarás Áitiúil

Léirítear leas Chomhairle Chontae na Gaillimhe Galway County Council i gcuideachtaí in Aguisín 8.

18. Freagracht as Seachadadh Seirbhísí Uisce a Aistriú

Déantar foráil san Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 agus san Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 do bhunú Uisce Éireann mar fhochuideachta neamhspleách laistigh de Ghrúpa Bhord Gáis Éireann. Ó mhí Eanáir 2014 ar aghaidh, déantar foráil sa reachtaíocht don mhéid seo a leanas:

- Sócmhainní agus dliteanais sheirbhísí uisce na nÚdarás Áitiúil a aistriú chuig Uisce Éireann.
- Go n-aistreofaí gach feidhm Údarás Áitiúil maidir le seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann, ach amháin iad sin a bhaineann le seirbhísí uisce faoin tuath, go háirithe grúpscéimeanna uisce agus córais cóireála dramhuisce tí aonair.
- Na húdarás áitiúla a chuirfidh seirbhísí ar fáil thar ceann Uisce Éireann trí chomhaontuithe seirbhísí ar íocaíocht shocraithe. Déantar foráil go mairfidh na comhaontuithe seo ar feadh tréimhse tosaigh 12 bhliain le hathbhreithnithe tar éis dhá bhliain agus seacht mbliana. Léirítear sin i mbuiséid ioncaim na nÚdarás Áitiúil ar glacadh leo le haghaidh 2015.

Seo a leanas an tionchar atá aige sin ar an AFS:

1. Ráiteas Comhardaithe

Is é atá mar thoradh ar aistriú na n-iarmhéideanna caipitil agus féichiúnaithe a chlúdaítear sa ráiteas comhardaithe ná na hiarmhéideanna sin a chur as an áireamh san AFS agus glan-fhéichiúnaí a dhéanamh d'Uisce Éireann.

2. Iasachtaí a bhaineann le huisce

Mar thoradh ar an athrú freagrachta as iasachtaí a bhaineann le huisce a íoc, cruthaíodh féichiúnaí gearrthéarmach (DECLG) i gcás iasachtaí HFA, a dtuigtear a chúiteofar in 2015 agus cruthaíodh féichiúnaí fadtéarmach i gcás iasachtaí uisce neamh-HFA, in AFS 2014.

3. Maoin, Gléasra agus Trealamh Uisce (Sócmhainní Seasta)

Ag teacht le hAlt 7, 21 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013, I.R. Uimh. 13 de 2015, an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 (an tOrdú um an Lá Dílsithe Maoine) agus leis an gCód Cleachtas Cuntasaíochta, tá sócmhainní bonneagair uisce bainte amach as leabhair an údarás áitiúil. Aithníodh sócmhainní a bhaineann leis na feidhmeanna atá á gcoinneáil ag an údarás áitiúil agus tá siad fós ar an gClár Comhardaithe.

19. Cumaisc agus Aontuithe

Tugadh éifeacht leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 d'athchóirithe suntasacha struchtúrtha agus eile ar an gcóras rialtais áitiúil, agus míníodh iad den chéad uair sa Chlár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach (Deireadh Fómhair 2012). An 1 Meitheamh 2014 an 'lá bunaithe 2014' agus an 'dáta aistrithe'. De bhun ordú 'lá bunaithe 2014', díscáileadh na húdarás áitiúla i Luimneach, Tiobraid Árann agus Port Láirge agus cuireadh údarás áitiúla cumaisc nua ina n-áit, agus de bhun ordú 'an dáta aistrithe', cuireadh tús le díscáileadh chomhairlí baile agus bunaíodh na húdarás áitiúla a raibh na comhairlí baile sin lonnaithe iontu, le teacht ina n-áit. Tuairiscítear sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla do 2014 ar staid airgeadais na n-údarás áitiúil faoin struchtúr nua agus glactar leis go mairfidh an t-údarás áitiúil nua ar feadh na bliana iomláine. Tá comparáidí le blianta roimhe seo tugtha cothrom le dáta dá réir chun na struchtúir nua a léiriú.

RÁITEAS AIRGEADAIS BLIANTÚIL

CUNTAIS AIRGEADAIS

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS CUNTAIS AR IONCAM & CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2014

Tugann an Ráiteas Cuntas Ioncaim agus Caiteachais le chéile gach ioncam agus caiteachas.

Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Taispeántar aistriú ó chuig cúlchistí astu féin agus ní leithdháiltear iad de réir rannán seirbhíse. Leithdháiltear aistriú de réir rannán seirbhíse i Nóta 17 san fhormaid chéanna le Tábla A den bhuiséad Údarais Áitiúil ar glacadh leis.

Caiteachas de réir Rannáin

Nótaí	Oilcheiteachas	Ioncam	Glancheiteachas	Glancheiteachas
	2014 €	2014 €	2014 €	2013 €
Tithíocht & Tógáil	10,446,057	11,022,735	(576,678)	(689,711)
Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair	36,343,052	25,462,868	10,880,184	11,718,353
Seirbhísí Uisce	15,054,587	14,586,828	467,759	15,462,894
Bainistíocht Forbartha	8,051,350	2,817,871	5,233,479	5,079,655
Seirbhísí Comhshaoil	16,213,067	6,106,468	10,106,599	9,754,925
Áineas & Taitneamhacht	8,123,730	3,733,343	4,390,387	4,401,934
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	7,658,323	6,325,865	1,332,458	1,311,022
Seirbhísí Ilghnéitheacha	13,942,959	6,981,906	6,961,053	4,504,618
Muirear an Chontae	-	-	-	580,000
Ioncam/Caiteachas Iomlán	16	115,833,125	77,037,884	
Costas glan na Rannán le maoiniú as Rátaí & as Ciste an Rialtais Áitiúil			38,795,241	52,123,690
Rátaí			25,675,485	25,626,049
Ciste an Rialtais Áitiúil - Deontas Ilchuspóireach			12,506,380	28,045,978
Asbhaint a bhain le Pinsean			2,011,509	2,185,383
Muirear an Chontae			-	580,000
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistriú	17		1,398,133	4,313,720
Aistriú chuig/(ó) Cúlchistí	15		(1,390,977)	(4,328,195)
Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain			7,156	(14,475)
Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2014			(1,898,994)	(1,884,519)
Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2014			(1,891,838)	(1,898,994)

RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014

	Nóta	2014 €	2013 €
Sócmhainní Seasta	1		
Feidhmiúil		320,050,383	321,049,874
Infrastruchtúir		3,262,001,382	3,484,758,745
Pobal		6,915,180	6,915,180
Neamhfheidhmiúil		-	-
		3,588,966,945	3,812,723,799
Obair atá ar siúl agus Réamhchostais	2	197,499,408	262,523,496
Féichiúnaithe Fádtréimhseacha	3	59,486,213	56,643,450
Sócmhainní Reatha			
Stoic	4	159,741	170,742
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	73,026,894	26,340,330
Infheistíochtaí Baint		41,818,365	50,385,658
Airgead sa Bhanc		187,555	879,220
Airgead Tirim faoi Bhealach		208,682	175,773
Cuntas Uirbeach	7	-	-
		115,401,237	77,951,723
Dlíteanais Reatha (Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)			
Rótharraingt Bhainc		-	-
Féichiúnaithe & Fabhrúithe	6	97,144,410	33,696,815
Cuntas Uirbeach	7	-	-
Léasanna Airgeadais		-	-
		97,144,410	33,696,815
Glansócmhainní Reatha / (Dlíteanais)		18,256,827	44,254,908
Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin)			
lasachtaí le hIóc	8	53,108,775	115,743,038
Léasanna Airgeadais		-	-
Taiscí Inaisíochta	9	3,213,034	3,125,051
Eile		14,104,000	15,824,000
		70,425,809	134,692,089
Glansócmhainní		3,793,783,584	4,041,453,564
Léirithe ag			
Cuntas Caipitlíthe	10	3,588,966,945	3,812,723,799
Ioncam maidir le hobair atá ar siúl	2	195,213,940	260,375,007
Sainchúlchiste Ioncaim		1,586,759	1,661,270
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta		(1,891,838)	(1,898,994)
Iarmhéideanna eile	11	9,907,778	(31,407,518)
Cúlchistí Iomlána		3,793,783,584	4,041,453,564

**RÁITEAS AR SHREABHADH CISTÍ
AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2014**

	Nóta	2014 €	2014 €
GNÍOMHAÍOCHTAÍ IONCAIM			
Insreabhadh Glan/(eis-sreabhadh glan) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	18		16,853,636
GNÍOMHAÍOCHTAÍ CAIPITIL			
Torthaí ar Infheistíocht & Seirbhísíú Airgeadais			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Caipitilthe Sócmhainní Seasta		(223,756,854)	
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú WIP/Réamh-mhaoiniú		(65,161,067)	
Méadú/(Laghdú) in Iarmhéideanna Cúlchiste	19	<u>(11,730,766)</u>	
Glan Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Thorthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísíú Airgeadais			(300,648,687)
Caiteachas Caipitil & Infheistíocht Airgeadais			
(Méadú)/Laghdú i Sócmhainní Seasta		223,756,854	
(Méadú)/Laghdú i Maoiniú WIP/Réamh-mhaoiniú		65,024,088	
(Méadú)/Laghdú in Oibreacha Gníomhaire Inaisghabhála		(74,448)	
(Méadú)/Laghdú in Iarmhéideanna Caipitil Eile	20	<u>(4,057,789)</u>	
Glan Insreabhadh/(Eis-sreabhadh) ó Chaiteachas Caipitil agus Infheistíocht Airgeadais			284,648,705
Maoiniú			
Méadú/(Laghdú) i Maoiniú Iasachta	21	(67,197,026)	
(Méadú)/Laghdú i Maoiniú Cúlchiste	22	<u>57,029,340</u>	
Glan Insreabhadh/(eis-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais			(10,167,686)
Gabháltas Tríú Páirtí			
Méadú/(Laghdú) i dTaiscí Inaisíoctha			87,982
Méadú Glan/(Laghdú Glan) in Airgead Tirim agus Coibhéisíú Airgid	23		<u><u>(9,226,050)</u></u>

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

1. Sócmhainní Seasta

	Talamh	Páirceanna	Tithíocht	Foirgnimh	Gléasra & Meaisínre (Saol Fada & Saol Gearr)	Ríomhairí, Troscán & Trealamh	Oidhreacht	Bóithre agus Bonneagar	Gréasán Uisce & Séarachais	Iomlán
	€	€	€	€	€	€	€	€	€	€
Costais										
Costais Charntha @ 01/01/2014	20,559,792	-	229,294,964	75,016,010	14,506,711	690,035	194,368	3,262,001,382	386,283,007	3,988,546,269
Rudaí Breise										
- Ceannaithe	-	-	286,000	-	35,000	25,153	-	-	-	346,153
- Aistriú WIP	-	-	475,692	-	-	-	-	-	62,590,281	63,065,973
Diúscairtí	-	-	(1,058,835)	-	-	-	-	-	(448,873,288)	(449,932,123)
Athluacháil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Coigeartuithe Costais Stairiúla	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Costais Charntha @ 31/12/2014	20,559,792	-	228,997,821	75,016,010	14,541,711	715,188	194,368	3,262,001,382	-	3,602,026,272
Dímheas										
Dímheas @ 01/01/2014	-	-	-	-	11,734,509	562,318	-	-	163,525,643	175,822,470
Soláthar don Bhliain	-	-	-	-	716,990	45,510	-	-	-	762,500
Diúscairtí	-	-	-	-	-	-	-	-	(163,525,643)	(163,525,643)
Dímheas Carntha @ 31/12/2014.	-	-	-	-	12,451,499	607,828	-	-	-	13,059,327
Glanluach Leabhair @ 31/12/2014	20,559,792	-	228,997,821	75,016,010	2,090,212	107,360	194,368	3,262,001,382	-	3,588,966,945
Glanluach Leabhair @ 31/12/2013	20,559,792	-	229,294,964	75,016,010	2,772,202	127,717	194,368	3,262,001,382	222,757,364	3,812,723,799
Glanluach Leabhair trí Chatagóir										
Feidhmiúil	20,084,280	-	228,997,821	68,770,710	2,090,212	107,360	-	-	-	320,050,383
Infrastruchtúir	-	-	-	-	-	-	-	3,262,001,382	-	3,262,001,382
Pobal	475,512	-	-	6,245,300	-	-	194,368	-	-	6,915,180
Neamhfheidhmiúil	-	-	-	-	-	-	-	-	-	-
Glanluach Leabhair @ 31/12/2014	20,559,792	-	228,997,821	75,016,010	2,090,212	107,360	194,368	3,262,001,382	-	3,588,966,945

Nóta - €285m an glan-laghdú ar shócmhainní mar thoradh ar fhreagrachtaí a aistriú chuig Uisce Éireann.

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

2. Obair atá ar siúl agus Réamhchostais

Seo a leanas achoimre ar an obair atá ar siúl faoi láthair agus réamhchaitheas i gcatagóir sócmhainne:

	Maoinithe 2014 €	Neamh-mhaoinitl 2014 €	Iomlán 2014 €	Iomlán 2013 €
Caiteachas				
Obair atá ar siúl	7,896,012	-	7,896,012	24,659,711
Réamhchostais	189,603,396	-	189,603,396	237,863,785
	197,499,408	-	197,499,408	262,523,496
Ioncam				
Obair atá ar siúl	7,508,998	-	7,508,998	24,444,786
Réamhchostais	187,704,942	-	187,704,942	235,930,221
	195,213,940	-	195,213,940	260,375,007
Oilchaitheas				
Obair atá ar siúl	387,014	-	387,014	214,925
Réamhchostais	1,898,454	-	1,898,454	1,933,564
Glanchaitheas Os cionn/(Faoi bhun)	2,285,468	-	2,285,468	2,148,489

3. Féichiúnaithe Fadtréimhseacha

Seo a leanas miondealú ar na féichiúnaithe fadtréimhseacha:

	Iarmhéid @ 1/1/2014 €	Iasachtaí Arna n-Eisiúint €	Príomhshuim Aisíochta €	Luath Fhuascailtí €	Coigeartuithe Eile €	Iarmhéid @ 31/12/2014 €	Iarmhéid @ 31/12/2013 €
Réamhíocaíochtaí Morgáistí Fadtréimhseacha*	24,966,395	88,531	(1,382,002)	(187,300)	(12,000)	23,473,624	24,966,395
Réamhíocaíochtaí Ceannacháin Tionónta	650,742	-	(92,666)	(28,935)	(7,290)	521,851	650,742
Cothromas ar Cíos faoi Úinéireacht Roinnte	1,944,078	-	-	(66,676)	2,289	1,879,691	1,944,078
	27,561,215	88,531	(1,474,668)	(282,911)	(17,001)	25,875,166	27,561,215
Tithíocht Dheonach						22,110,342	15,861,530
Féichiúnaithe Tobhaigh Forbartha						-	-
Iasachtaí Údaráis Idir-Áitiúil						14,104,000	15,824,000
Infheistíochtaí Fadtréimhseacha						-	-
Airgead Tirim						-	-
Leas i gcuideachtaí comhlachaithe						-	-
Eile						-	-
						36,214,342	31,685,530
						62,089,508	59,246,745
Lúide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 5)						(2,603,295)	(2,603,295)
Méideanna Iomlána dlite tar éis níos mó ná bliain amháin						59,486,213	56,643,450

* Iasachtaí na Gníomhaireachta um Airgeadas Tithíochta san áireamh

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

4. Stoic

Seo a leanas achoimre ar stoc:

	2014 €	2013 €
Stóras Lárnach	159,741	170,742
Ionaid Eile	-	-
Iomlán	159,741	170,742

5. Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí

Seo a leanas miondealú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí:

	2014 €	2013 €
Féichiúnaithe Rialtais	57,068,026	10,056,516
Féichiúnaithe Tráchtála	11,643,854	14,600,134
Féichiúnaithe Neamhthráchtála	1,614,427	1,566,491
Féichiúnaithe Tobhaigh Forbartha	2,026,372	2,344,199
Seirbhísí Eile	3,191,227	451,876
Údaráis Áitiúla Eile	83,935	786,789
Oibrithe Gníomhaire Inaisghabháilte	113,989	39,541
Coimisinéirí Ioncaim	-	-
Eile	-	-
Móide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 3)	2,603,295	2,603,295
Olliomlán na bhFéichiúnaithe	78,345,125	32,448,841
Lúide: Foráil d'Fhiacha Amhrasacha	(5,633,380)	(6,108,511)
Iomlán na bhFéichiúnaithe Trádála	72,711,745	26,340,330
Réamhíocaíochtaí	315,149	-
	73,026,894	26,340,330

NÓTAÍ FAOI AGUS MAR CHUID DE NA CUNTAIS

6. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

Seo a leanas miondealú ar chreidiúnaithe agus ar fhabhruithe:

	2014 €	2013 €
Creidiúnaithe trádála	5,834,763	5,133,901
Deontais	193,187	67,015
Coimisinéirí Ioncaim	3,090,442	3,110,924
Údarás Áitiúla Eile	1,833	371,760
Creidiúnaithe Eile	151,439	293,255
	9,271,664	8,976,855
Fabhruithe	8,916,499	10,578,124
Ioncam Iarchurtha	25,624,990	7,641,836
Móide: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin (Notá 8)	53,331,257	6,500,000
	97,144,410	33,696,815

7. Cuntas Uirbeach

Seo a leanas achoimre ar an gcuntas Idirchuideachta:

	2014 €	2013 €
Iarmhéid an 1 Eanáir	-	-
Muirear don Bhliain	-	-
Faighte /íochta	-	-
Iarmhéid ag 31 Nollaig	-	-

8. Iasachtaí Iníoctha

(a) Gluaiseacht in Iasachtaí Iníoctha

	HFA €	OPW €	Other €	Balance @ 31/12/2014 €	Balance @ 31/12/2013 €
Iarmhéid @ 1/1/2013	99,293,563	761	22,948,714	122,243,038	120,998,829
Iasachtaí	178,958	-	639,570	818,528	13,469,180
Aisíocaíocht ar Phríomhshuim	(4,252,570)	(543)	(7,014,639)	(11,267,752)	(5,536,252)
Luath Fhuascailtí	(341,256)	-	(10,639,570)	(10,980,826)	(6,694,980)
Coigeartuithe Eile	-	-	5,627,044	5,627,044	6,261
Iarmhéid @ 31/12/2013	94,878,695	218	11,561,119	106,440,032	122,243,038
